# Scoil Choille - An Geimhreadh

**Eochairfhocail:**

- sioc
- sneachta
- géaga
- péine Albanach
- crann cuilinn
- anáil mhór
- crann síorghlas

**Ar dtús, breathnaigh ar an gclár seo de Scoil Choille agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a chuala Síomha le linn di a bheith ag déanamh machnaimh?
2. Cén t-ainm atá ar na crainn nach gcailleann a gcuid duilleog i rith an gheimhridh?
3. Ainmnigh crann síorghlas amháin a luann Frank leis na páistí.
4. Cén fáth a raibh Síomha in ann crann cuilinn a aithint sa choill nuair a bhí sí amuigh lena máthair?
5. Cén fáth nach féidir na smeára ón gcrann cuilinn a ithe, dar le Gráinne?
6. Cé chomh sean is atá cuid de na crainn iúir in Éirinn, dar le Frank?
7. Cén rud a chruthaíonn Gráinne, Frank agus na páistí sa mhír ealaíne?
8. Ainmnigh saghas crainn amháin a úsáideann Gráinne agus na páistí chun an bhláthfhleasc a dhéanamh.

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Tá liosta thíos de 12 crann. Tá cuid de na crainn ina gcrainn dhúchasacha agus cuid díobh ina gcrainn neamhdhúchasacha. Déan taighde ar líne agus aimsigh an bhfuil na crainn ar chlé ina gcrainn dhúchasacha nó neamhdhúchasacha. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

| **an crann** | **crann dúchasach** | **crann neamhdhúchasach** |
|---|---|---|
| an dair | X | |
| an tsaileach | | |
| an fhuinseog | | |
| an sprús | | |
| an péine Albanach | | |
| crann cnó capaill | | |
| an fheá | | |
| crann iúir | | |

## Gníomhaíocht Ealaíne

Aithnítear go forleathan Crann Iúir Thomáis an tSíoda (Silken Thomas Yew) a bheith ar an gcrann is

**Aithnítear go forleathan Crann Iúir Thomáis an tSíoda (Silken Thomas Yew) a bheith ar an gcrann is sine in Éirinn. Tá sé suite in aice le Coláiste Phádraig i Maigh Nuad i gcontae Chill Dara. Níl na saineolaithe go hiomlán cinnte ach ceaptar go bhfuil sé os cionn 800 bliain d'aois. Aimsigh íomhá den chrann seo ar líne agus tarraing pictiúr de sa bhosca thíos.**

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Léigh an sliocht seo a leanas faoin dair. Scríobh an sliocht ina iomláine amach i do chóipleabhar agus líon na sé bhearna atá sa sliocht leis an bhfocal cuí.**

**tábhacht, mainistreacha, duillsilteach, beannaithe, áit, dúchasach**

Is í an dair an crann is mó a shamhlaítear le hÉirinn. Is crann __________ í an dair. Tá an dair le feiceáil ar fud an oileáin ar fad. Is crann __________de chuid na hÉireann í an dair. Bhí ___________ ag baint leis an dair riamh anall i stair na hÉireann. Cheap na Ceiltigh agus na draoithe Ceilteacha go háirithe go raibh rud éigin ___________ ag baint leis an dair. Lean an smaoineamh sin le teacht na Críostaíochta go hÉirinn, bunaíodh roinnt ________________ gar don dair nó gar do choill a raibh an dair ar fáil go forleathan inti. Léiríonn logainmneacha na tíre an tábhacht a bhain leis an gcrann seo ag dul siar i bhfad, is iomaí ____ in Éirinn a bhfuil an dair mar chuid de. Mar shampla, Doire, i dTuaisceart Éireann agus Doire Fhionnáin i gcontae Chiarraí. Is crann álainn agus tábhachtach í an dair, gan dabht.

# Freagraí

an dair = dúchasach, an tsaileach = dúchasach, an fhuinseog = dúchasach, an sprús = neamhdhúchasach, an péine Albanach = dúchasach, crann cnó capaill = neamhdhúchasach, an fheá = neamhdhúchasach, crann iúir = dúchasach, leamhán = dúchasach, seiceamar = neamhdhúchasach, crann coill = dúchasach, an fhearnóg = dúchasach

Is í an dair an crann is mó a shamhlaítear le hÉirinn. Is crann duillsilteach í an dair. Tá an dair le feiceáil ar fud an oileáin ar fad. Is crann dúchasach de chuid na hÉireann í an dair. Bhí tábhacht ag baint leis an dair riamh anall i stair na hÉireann. Cheap na Ceiltigh agus na draoithe Ceilteacha go háirithe go raibh rud éigin beannaithe ag baint leis an dair. Lean an smaoineamh sin le teacht na Críostaíochta go hÉirinn, bunaíodh roinnt mainistreacha gar don dair nó gar do choill a raibh an dair ar fáil go forleathan inti. Léiríonn logainmneacha na tíre an tábhacht a bhain leis an gcrann seo ag dul siar i bhfad, is iomaí áit in Éirinn a bhfuil an dair mar chuid de. Mar shampla, Doire i dTuaisceart Éireann agus Doire Fhionnáin i gcontae Chiarraí. Is crann álainn agus tábhachtach í an dair, gan dabht.